Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6425/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0039(COD)**

**CODEC 189**
**ESPACE 5**
**RECH 45**
**COMPET 108**
**IND 53**
**EU-GNSS 8**
**TRANS 60**
**AVIATION 34**
**MAR 22**
**TELECOM 40**
**MI 113**
**CSC 77**
**CSCGNSS 2**
**CFSP/PESC 280**
**CSDP/PSDC 130**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas polaitiúil comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le maoiniú Chlár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027**

**Tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle**, gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, ag comhaontú go ndéanfar an maoiniú ar Chlár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 a chumhdach go táscach sna blianta 2023-2027 mar a leanas:

- EUR 200 milliún ó na corrlaigh neamh-leithdháilte ó Cheannteideal 1 agus ó Cheannteideal 5;

- EUR 1,450 milliún ó ranníocaíochtaí ó Cheannteideal 1, ó Cheannteideal 5 agus ó Cheannteideal 6.

**Ráiteas comhpháirteach polaitiúil ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le cistí arna saoradh i Fís Eorpach a athúsáid**

Leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le cistí arna saoradh a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde[1], chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil arís chun tairbhe an chláir taighde, leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don mhéid suas go EUR 0,5 billiún (i bpraghsanna 2018) sa tréimhse 2021-2027 de shaoradh, a eascraíonn as neamh-chur chun feidhme iomlán nó páirteach tionscadal a bhaineann leis an gclár réime "Fís Eorpach" nó leis an gclár 'Fís 2020'[2], a tháinig roimhe, de réir mar a fhoráiltear dó sin in Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais.

Sa ráiteas[3] maidir le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013(1), tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le dáileadh táscach an mhéid sin a bheidh suas le EUR 300 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 don chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' go háirithe le haghaidh taighde candamach.

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil ná do chumhachtaí an Choimisiúin an buiséad a chur chun feidhme, comhaontaíonn **Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún** go ndéanfar, laistigh den chnuasach 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' de chuid Fís Eorpach, méid táscach EUR 200 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 a leithdháileadh do ghníomhaíochtaí taighde maidir le nascacht shlán.

---

1 IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 3.

2 Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

3 IO C 185/1, 12.5.2021, lch. 1.